## COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN[1]

## FÓGRA LÁITHREÁIN

Tá sé ar intinn agamsa, _______________ , cur isteach ar
(cuir tic mar is cuí)

- **chead**
- **chead coinneála**
- **chead imlíneach**
- **chead de thoradh cead imlíneach a deonaíodh (Uimh. Thag. cheada imlínigh: )**

le haghaidh forbraíochta ag an láithreán seo:

____________________________________
____________________________________
____________________________________
____________________________________

Is éard a bheidh i gceist leis an bhforbraíocht ná:

__________________________________________________________
__________________________________________________________
__________________________________________________________
__________________________________________________________

Féadfar an t-iarratas pleanála a iniúchadh nó a cheannach ar tháille, nach mó ná an costas réasúnach le cóip a dhéanamh, ag oifigí an Údaráis Phleanála, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Átha Cliath, i rith a uaireanta oscailte poiblí ó Luan go hAoine ó 10:00rn go 4:00in.

Féadfar aighneacht nó tuairim i ndáil leis an iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás Pleanála ach táille de €20 a íoc faoi cheann thréimhse na 5 seachtaine dar thús an dáta a fhaigheann an tÚdarás Pleanála an t-iarratas agus go mbreithneoidh an tÚdarás Pleanála aighneachtaí nó tuairimí den sórt sin le linn cinneadh a dhéanamh faoin iarratas. Féadfaidh an tÚdarás Pleanála cead a dheonú faoi réir coinníollacha nó gan choinníollacha, nó féadfaidh sé diúltú cead a dheonú.

**Arna shíniú ag:** (gníomhaire) (**Más Gníomhaire, tabhair seoladh)**

**Dáta a cuireadh fógra láithreáin in airde:** _______________

## TREORACHA MAIDIR LEIS AN BHFÓGRA SEO A CHOMHLÁNÚ

1. Ba chóir ainm an údaráis phleanála a gcuirfear an t-iarratas pleanála faoina bhráid a chur isteach anseo.
2. Ba chóir ainm an iarratasóra ar an gcead (agus ní a ghíomhaire nó a gníomhaire) a chur isteach anseo.
3. Scrios amach de réir mar is cuí. Is iad na cineálacha cead a fhéadfar a lorg ná –
(a) cead,
(b) cead coinneála,
(c) cead imlíneach,
(d) cead de thoradh cead imlíneach a deonaíodh. Más é seo an cineál ceada atá á lorg, ba chóir an Uimhir Thagartha ar chlár pleanála an cheada imlínigh ábhartha a chur leis.
4. Ba chóir suíomh, baile fearainn nó seoladh poist na talún nó an struchtúir lena mbaineann an t-iarratas a chur isteach anseo.
5. Scrios amach de réir mar is cuí. Ba chóir an aimsir láithreach a úsáid sa chás go bhfuil cead coinneála á lorg.
6. Ba chóir cur síos gairid ar thréithe agus ar fhairsinge na forbraíochta a chur isteach anseo. Beidh an méid seo a leanas san áireamh sa chur síos –
(a) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbraíocht arb é atá i gceist léi ná tithe a sholáthar, nó a bhfuil tithe le soláthar mar chuid de, líon na dtithe atá le soláthar. Áirítear le 'tithe' foirgnimh atá deartha mar 2 áitreabh nó árasáin, leithlanna nó áitribh eile nó níos mó laistigh d'fhoirgneamh,
(b) sa chás go mbaineann an t-iarratas le struchtúr a choinneáil, tréithe na húsáide atá beartaithe le baint as an struchtúr agus, sa chás gur cuí, an tréimhse a bhfuil sé beartaithe an struchtúr a choinneáil lena aghaidh,
(c) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbraíocht arb é a bheadh i gceist léi ná oibreacha a dhéanamh ar struchtúr faoi chosaint nó struchtúr a bhfuil sé beartaithe a chur faoi chosaint, nó go mbeadh a leithéid mar chuid den fhorbraíocht, an fhíric sin a thabhairt le fios,
(d) sa chás go bhfuil Ráiteas Tionchair Timpeallachta nó Ráiteas Tionchair Natura ullmhaithe i leith an iarratais phleanála, an fhíric sin a thabhairt le fios,
(e) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbraíocht arb é a atá i gceist léi nó a bheadh chun críocha gníomhaíochta dá bhfuil Ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruailliú nó Ceadúnais Dramhaíola ag teastáil, an fhíric sin a thabhairt le fios, nó
(f) sa chás go mbaineann iarratas pleanála le forbraíocht arb é a atá i gceist léi ná bunaíocht a sholáthar, nó mionathruithe a dhéanamh uirthi faoi chuimsiú chiall Chuid 11 de na Rialacháin seo (Treoir maidir le Mórthimpistí), an fhíric sin a thabhairt le fios.
7. Ba chóir síniú an iarratasóra nó síniú agus seoladh teagmhála an duine atá ag gníomhú thar ceann an iarratasóra a chur isteach anseo.
8. Ba chóir an dáta a chuirtear an fógra suas nó a shocraítear ar an láithreán é a chur isteach anseo.

**TABHAIR FAOI DEARA:** I gcás go ndearnadh iarratas pleanála iardain **a thaisceadh laistigh de 6 mhí d'iarratas *bailí* roimhe sin**, maidir le talamh a bhaineann go formhór leis an láithreán lenar bhain an chéad iarratas, **ní mór** don fhógra láithreáin a bheith ar chúlra **buí**. Is cabhair í, ar mhaithe le faisnéis phoiblí, má luaitear Uimhir Thagartha an Chláir agus dáta an chinnidh a bhaineann leis an iarratas roimhe seo san fhógra. Ní bheidh neamhbhailíocht mar thoradh ar an **Uimhir** Thagartha an Chláir agus dáta a fhágáil ar lár, áfach.

**TREORACHA MAIDIR LEIS AN BHFÓGRA LÁITHREÁIN A CHUR IN AIRDE**
**(Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 to 2008)**
***Airteagal 17 (1) (b) – Fógra Iarratas Pleanála***
***Is gá iarratais a fháil laistigh de dhá sheachtain dar thús an dáta a chuirtear an fógra láithreáin in airde faoi réir Airteagal 17 (1) (b).***
***Airteagal 19 Fógra Láithreáin***

(1) :Ba chóir go mbeadh an fógra láithreáin a chuirtear in airde ar thalamh nó ar structúr ar bith faoi réir airteagal 17(1)(b)—
(a) san fhoirm a leagtar amach san Fhoirm 1 de Sceideal 3, nó i bhfoirm a bheidh nach mór ar aon éifeacht léi, chun crícheanna Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i bhfoirm mar a léirítear thuas,
(b) faoi réir fo-airteagal (4) greanta nó priontáilte le dúch doscriosta ar chúlra bán, greamaithe ar ábhar crua buan agus caomhnaithe ar dhrochaimsir agus ar chúiseanna eile, agus
(c) faoi réir fo-airteagal (2), curtha in airde go daingean in áit feiceálach ar nó cóngarach don phríomhbhealach isteach go dtí an talamh nó struchtúr i gceist ó bhóthar poiblí, nó in áit ina bhfuil níos mó ná bealach isteach amháin ó bhóithre poiblí, ar nó cóngarach do gach bealach isteach, nó ar aon chuid eile den talamh nó struchtúr atá sínte le bóthar poiblí, sa chaoi is gur féidir le daoine atá taobh amuigh in ann é a fheiceáil agus a léamh agus ní chuirfear i bhfolach é ag aon am.

(2) In áit nach bhfuil an talamh nó struchtúr lena bhaineann iarratas pleanála sínte le bóthar poiblí, caithfear fógra suímh a chur suas in áit feiceálach ar an talamh nó struchtúr sa chaoi is gur féidir le daoine atá taobh amuigh den talamh nó den struchtúr é a fheiceáil agus a léamh, agus ní chuirfear i bhfolach é ag aon am.

(3) Áit nach measann údarás pleanála go bhfuil gur leordhóthanach fógra láithreáin amháin a chur in airde chun cloígh le ceanglais fo-airteagail (1) agus (2), nó chun faisnéis mar is cuí a chur ar an bpobal, féadfaí an t-údarás a chur de cheangal ar an iarratasóir fógra(í) láithreáin eile a chur in airde ar cibé dóigh agus i gcibé téarmaí a shonróidh sé agus cibé fianaise a chur faoi bhráid an údaráis a shonróidh sé i ndáil le comhlíonadh cibé de na ceanglais chéanna.

(4) Áit go ndéantar iarratas pleanála bailí maidir le talamh nó le struchtúr ar bith, agus go ndéantar iarratas iardain laistigh de 6 mhí dar thús an dáta a dhéantar an iarratais chéadluaite maidir le talamh a bhaineann go formhór nó i bpáirt leis an láithreán lenar bhain an t-iarratas céadluaite, in ionad cheanglais fo-airteagail (1)(b), déanfar an fógra láithreáin don iarratas iardain a ghreanadh nó a phriontáil le dúch doscriosta ar chúlra buí agus greamaithe ar ábhar crua buan agus caomhnaithe ar dhrochaimsir agus ar chúiseanna eile.

**Airteagal 20: Teorainneacha ama d’fhógra láithreáin**.
De bhreis ar cheanglais Airteagal 17(1)(b), fágfar fógra láithreáin in áit ar an talamh nó ar an structúr lena mbaineann ar feadh tréimhse 5 seachtaine dar thús an dáta a fhaigheann an tÚdarás Pleanála an t-iarratas pleanála, déanfar an fógra a dheisiú nó ceann nua a chur ina áit má dhéantar é a aghlot nó a dhamáistiú ionas nach inléite í laistigh den tréimhse sin, agus déanfaidh an t-iarratasóir é a bhaint sna sála ar fhógra faoi chinneadh an Údaráis Phleanála faoi Airteagal 31.